

An Ghaeilge sa Dlí

*Dáithí Mac Cárthaigh BA, MA, LLB,
Abhcóide, Óstáí an Rí, Baile Átha Cliath*

Séamas Ó Tuathail, Abhcóide Sinsir
Eagarthóir Comhairleach

An Chéad Eagrán 2020
© Dáithí Mac Cárthaigh, 2020

ISBN 978 1 909907 8 43

Foilsíodh an leabhar seo le cabhair deontais i gcomhair tograí Gaeilge a d'íoc an tÚdarás um Ard-Oideachas trí Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, le tacaíocht Choiste Léann na Gaeilge, Litríocht na Gaeilge agus na gCultúr Ceilteach, Acadamh Ríoga na hÉireann.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur agus dearadh: Caomhán Ó Scolaí
Clódóireacht: Clódóirí Lurgan

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
www.leabharbreac.com

Clár an Ábhair

<i>Réamhrá</i>		11
<i>Brollach</i>		14
<i>Clár na gCásanna Dlí</i>		17
<i>Clár na Reachtaíochta</i>		20
CAIBIDIL 1	An Fhealsúnacht	37
	Meon na hAthbheochana	39
CAIBIDIL 2	Dlíthíocht roimh bhunú an tSaorstáit	43
	An Dara Cás ag an bPiarsach	44
CAIBIDIL 3	An Ghaeilge faoi Bhunreacht an tSaorstáit	46
CAIBIDIL 4	Cásanna Dlí i ndáil leis an nGaeilge faoi	
	Bhunreacht an tSaorstáit	48
	Oidhreacht	59
CAIBIDIL 5	Achtanna de chuid an tSaorstáit i ndáil le	
	Stádas na Gaeilge	62
	Riaradh an Cheartais	62
	Feidhmeannaigh Shíochána	64
	An Garda Síochána	65
	An Córas Iompair	65
	Gairm an Dlí	66
	Acht Choláiste Phríomh-Scoile na Gaillimhe 1929	69
	Acht na dTithe (Gaeltacht) 1929	70
	Cúrsaí Oideachais sa Saorstát	75
	Cúrsaí Oideachais Ghaeltachta	76
	An Státseirbhís faoin Saorstát	77
CAIBIDIL 6	An Réimeas faoin mBunreacht Reatha	79
CAIBIDIL 7	An tAontas Eorpach	81
	Córas Dlí an Aontais Eorpaigh	83
	Parlaimint na hEorpa	84
	Comhairle an Aontais Eorpaigh	84
	An Coimisiún Eorpach	85
	Rialacháin, Treoracha agus Cinntí	86
	An Chúirt Bhreithiúnais	86
	Cúrsaí Teanga sa Chúirt Bhreithiúnais	88

	Cúirt na nIníochóirí	89
	An Banc Ceannais Eorpach	89
	An Chomhairle Eorpach	90
	Réimeas Teanga an Aontais Eorpaigh	90
	An Iarmhairt mura mBíonn Dlí de chuid an AE ar fáil sna Teangacha Oifigiúla go Léir	91
	Dlí an AE agus Riachtanas Teanga	92
	Seirbhís Shibhialta an Aontais	93
	Rochtain ar an Aontas	93
	Forálacha Teanga de chuid Reachtaíocht an AE	94
	Lipéadú	94
	Dlí an AE agus Cúrsaí Oideachais	97
CAIBIDIL 8	Dlí Náisiúnta na hÉireann:	
	Téacs Bhunreacht na hÉireann	99
	Cur Chuige Cheanada agus Téacs Dáttheangach á Fhorléiriú	100
CAIBIDIL 9	An Reachtaíocht as Gaeilge: Uirlis nó Ornáid?	103
	Codarsnacht le Réimeas Teanga an Aontais Eorpaigh	110
	Cur Chuige Cheanada	111
	Iarmhairt Teipe Acht a Chur Amach go Dáttheangach	112
	Rialacha Cúirte agus Ionstraimí Reachtúla Eile	115
	Ionstraimí Reachtúla nach Rialacha Cúirte Iad	118
	An Dualgas á Tharmligean	119
CAIBIDIL 10	Na Cúirteanna	123
	Cáipéisí Cúirte	123
	Giúiré Dáttheangach	132
	Comparáid le Ceanada	134
	Éifeacht na hAteangaireachta	139
	Trialacha Coiriúla gan Ghiúiré	140
	An Coinbhisiún Eorpach um Chearta an Duine	141
	Triail i dTeanga an Mhionlaigh ar Mhór-Roinn na hEorpa	141
CAIBIDIL 11	Cáipéisí Oifigiúla Eile agus Córas Clárúcháin Feithiclí	143
	Córas Clárúcháin Feithiclí	144
CAIBIDIL 12	An bhFuil Fealsúnacht Aontaithe sa Chásdlí Éireannach Fós?	146

CAIBIDIL 13	Acht na dTeangacha Oifigiúla	151
	Acht na dTeangacha Oifigiúla: na Príomh-Ghnéithe	151
	<i>Tithe an Oireachtais</i>	151
	<i>Riaradh an Cheartais</i>	152
	<i>Comhlachtaí Poiblí</i>	152
	Rialacháin maidir le Stáiseanóireacht, Comharthaíocht agus Fógairtí Taifeadta Béil	153
	Litreacha agus Teachtaireachtaí Ríomhphoist i nGaeilge	154
	Faisnéis a Scaipeadh ar an bPobal i gCoitinne/ Cora Poist	155
	Foilseacháin Chomhlachtaí Poiblí	156
	Scéimeanna Teanga	157
	Logainmneacha	159
	Coimisinéir na dTeangacha Oifigiúla	161
	Feidhmeanna an Choimisinéara Teanga	162
	Cumhachtaí an Choimisinéara Teanga	162
	Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2019	165
CAIBIDIL 14	Cúrsaí Pleanála Fisiciúla	167
	Sainmhíntithe	167
	An Chreatlach Phleanála	167
	Pleananna Limistéir Áitiúla	170
	Straitéis Reigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch	171
	Treoirlínte	171
	An Creat Náisiúnta Pleanála	172
	Ceanglais Reachtúla ar Chead Pleanála a Fháil	173
	Forbairt	173
	Oibreacha	173
	Athrú Ábhartha a Dhéanamh ar Úsáid	174
	Conas Cead Pleanála a Fháil	175
	Cinneadh ar Iarratas ar Chead Pleanála	177
	Diúltú Ceada nó Coinníollacha ar mhaithe le Caomhnú na Gaeilge	179
	Coinníollacha Teanga	179
	An Bord Pleanála	181
	Teanga na hÉisteachta Poiblí den Bhord Pleanála	182
	An Ard-Chúirt	183
	Costais	185
	Cur i bhFeidhm	185

	An Rialálaí Pleanála	186
CAIBIDIL 15	Cúrsa Pleanála Teanga	187
	Údarás na Gaeltachta	187
	Toghcháin an Údaráis	189
	Acht na Gaeltachta 2012	192
	An Phleanáil Teanga	192
	Bailte Seirbhíse Gaeltachta	194
	Líonraí Gaeilge	195
	Critéir Pleanála Teanga	196
CAIBIDIL 16	An Córas Oideachais	200
	An Ghaeilge mar Chroí-Ábhar	201
	Beartas Iontrála Scoileanna Lán-Ghaeilge	206
CAIBIDIL 17	An Státseirbhís	209
	Múnla Earcaíochta ar Theip air i ndáil le Cumas Gaeilge Oifigigh Áitiúla	212
CAIBIDIL 18	Reachtaíocht a Bhaineann le Cúrsaí Teanga agus Craolacháin	216
	An Béal Bán nó Dualgais ar Féidir Tabhairt ar an gCraoltóir iad a Chur i bhFeidhm?	218
	Léirmhíniú na bhForálacha	218
	An Cásdlí faoin Sean-Acht Craolacháin	220
IARSCRÍBHINN A	Aguisíní le breithiúnas Hardiman Brmh in <i>Ó Maicín v. Éire</i> [2014] 4 I.R. 477 atá fágtha ar lár ón tuairisc oifigiúil.	225
IARSCRÍBHINN B	Achtanna reatha a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge nach bpléitear i gcorp an leabhair.	245
Innéacs		271

Brollach

Tá obair éachtach ar siúl faoi láthair i gcomhar le Rialtas na hÉireann le deimhniú go mbeidh corpas reatha Dlí an Aontais Eorpaigh ar fáil as Gaeilge faoin mbliain 2022 agus le deimhniú go rithfear agus go bhfoilseofar gach dlí nua de chuid an Aontais Eorpaigh as Gaeilge ar chomhchéim leis an 23 teanga oifigiúil eile de chuid an AE ón dáta sin amach.

Is maith sin. Cuirtear teangacha chun báis trína ndúnadh amach ó ghnóthaí oifigiúla agus ard-réime. An teanga nach bhfoilsítear dlí na tíre is dúchas di inti, níl todhchaí chinnte i ndán di mar ní féidir í a úsáid ag an leibhéal oifigiúil. Múnlaíonn teangacha oifigiúla agus oibre go leor dár gcuid smaointeoireachta agus cainte dár ndeoin nó dár n-ainneoin agus is dlúthchuid de Dhlí na hÉireann é Dlí an Aontais Eorpaigh.

Tá íoróin nach beag ag baint leis an dul chun cinn seo, áfach. Feasta foilseofar na ‘billí’ nó na tograí reachtaíochta as Gaeilge do bhaill Pharlaimint na hEorpa agus rithfear as Gaeilge iad (mar aon le leaganacha sa 23 teanga eile). I dTeach Laighean, áfach, leantar den drochnós Billí a fhoilsiú agus a reachtú as Béarla amháin (seachas i gcás tograí chun an Bunreacht a leasú nó tograí a bhaineann leis an nGaeltacht) agus cuirtear amach tiontú oifigiúil Gaeilge orthu tamall ina dhiaidh sin, má chuirtear.

Is leagan oifigiúil comhionann den dlí Eorpach é an leagan Gaeilge. Bíonn sé ar fáil an nóiméad a thagann an dlí Eorpach sin i bhfeidhm. Go deimhin, ní thiocthadh dlí nua den AE i bhfeidhm gan an leagan Gaeilge de a bheith ar fáil. I gcás formhór reachtaíocht na hÉireann, áfach, .i. an méid a dhéantar sa tír seo, bíonn feitheamh fada leis an leagan tánaisteach Gaeilge, an tiontú oifigiúil, agus an dlí nua i bhfeidhm agus in airde réime as Béarla amháin.

Cháin an chéad phríomhbhreitheamh, Aodh Ó Cinnéide, an droch-chleachtas seo chomh fada siar le 1934¹, ach leantar de fós. Seo bearna gur féidir a dhúnadh agus Acht na dTeangacha Oifigiúla á leasú. Is gá go bhfoilseofaí as Gaeilge agus as Béarla araon gach Bille a thagann faoi bhráid Dháil Éireann agus an tSeanaid agus go rithfí go dátheangach iad de réir an chleachtais is fearr go hidirnáisiúnta.

Ní hamháin go mbeadh Achtanna an Oireachtais ar fáil ag an am céanna sa dá theanga oifigiúla don phobal a gcaithfidh géilleadh dóibh agus go mbeadh feidhm iomlán ag an dá leagan, ach bheadh deis cheart ag baill an Oireachtais na tograí a phlé as Gaeilge toisc go mbeadh téacs an Bhille sa dá theanga oifigiúla os a gcomhair amach.

Rachadh sé seo i bhfeidhm ar an aos polaitiúil, i ngan fhios dóibh, fiú,

¹ Ó *Foghludha v. McClean* [1934] I.R.469

agus chuirfí le normalú úsáid na Gaeilge. Ina theannta sin, géilltear dó go forleathan go gcuireann dréachtú dátheangach le caighdeán na nAchtanna mar go n-aithnítear níos túisce aon débhríocht a d'fhéadfaí a bheith sa téacs.

Faoin Acht Teanga mar atá anois, ní foláir do chomhlacht poiblí, an Stiúrthóir Ionchuseamh Poiblí agus an Garda Síochána san áireamh, a gcuid imeachtaí cúirte a réachtáil trí Ghaeilge más í sin an teanga a roghnaíonn an páirtí eile sa chúis *más cás sibhialta* é. Tá sé thar am an dualgas sin a leathnú go dtí imeachtaí coiriúla freisin agus gan cainteoirí Gaeilge a ionchúiseamh as Béarla de bhun próise éigeantaí más mian leo a gcás a bheith as Gaeilge.

Is mór is fiú tacú le héileamh Chomhchoiste an Oireachtais ar chúrsaí Gaeilge agus Gaeltachta go mbeadh 20% d'earcaigh nua na seirbhíse poiblí (breithiúna agus foireann chúirte san áireamh) inniúil ar a gcuid oibre a dhéanamh trí mheán na Gaeilge agus go mbeadh 20% den tseirbhís phoiblí inniúil amhlaidh sa Ghaeilge dá thoradh sin agus de thoradh pé bearta cuí eile is gá. Ní féidir le teanga a bheith ina teanga oifigiúil gan leordhóthain den tseirbhís phoiblí a bheith ag obair trína meán agus deis ag an bpobal an teanga sin a úsáid agus iad ag plé leo.

D'fhéadfaí dul i bhfad scéil ach fágfaidh mé faoin leabhar labhairt ar a shon féin. Tá mé go mór faoi chomaoin ag m'egarhóir comhairleach, Séamas Ó Tuathail, abhcóide sinsir agus ceannródaí, a lean de mo spreagadh chun tabhairt faoin tionscnamh seo agus a stiúir an saothar ó thús deiridh. Tá mé buíoch de m'fhoilsitheoir Darach Ó Scolaí, saoi gan sárú, agus do Phroinsias Ó Maolchalainn BL a chur cóip den bhreithiúnas in *Bord Bainistíochta Scoil Lorcáin v. Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais*, ar dheacair teacht air, ar fáil dom.

Tá mé thar a bheith buíoch de Vivian Uíbh Eathach, Príomhaistritheoir Thithe an Oireachtais a chuir i dtreo tiontuíthe Gaeilge mé ar Achtanna ar dheacair teacht orthu. Gabhaim buíochas ó chroí le hÚna Ní Chatháin BL agus le Séamas Ó Scolaí as an téacs a léamh agus moltaí fiúntacha a dhéanamh.

Tá mé buíoch d'Acadamh Ríoga na hÉireann as foilsíú an leabhair seo a mhaoiniú agus as an bpiarmheasúnú ón Ollamh Conchúr Ó Giollagáin, Oilthigh na Gàidhealtachd agus nan Eilean in Albain, ón Dr Eimear de Brún, Déan na Scoile Dlí, Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath, ón Dr Seán Ó Conaill, Scoil an Dlí, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus ón Dr Cathal Billings, Stiúrthóir Lárionad de Bhaldraithe do Léann na Gaeilge, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Gabhaim buíochas leis an gcéad Choimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, ball den Chomhairle Stáit, as an réamhrá a scríobh.

Gabhaim buíochas ó chroí le Róisín Lawless, grá mo chléibh, mo bhean chéile, máthair mo chlainne agus céile mo leapa, as a tacaíocht thuisceanach i gcaitheamh na mblianta.

Is orm féin amháin atá an locht as earráid ar bith sa saothar seo. Tá mo dhícheall déanta agam an dlí mar atá sé an 1 Meitheamh 2020 a leagan amach ach tá *caveat lector* i bhfeidhm anseo, mar a bhíonn i gcónaí le leabhair den chineál seo, agus ní ghlactar le haon dliteanas as aon earráid sa téacs.

Dáithí Mac Cárthaigh
1ú Meitheamh 2020